

**25**  
**bliain**  
1995 - 2020



# Ombudsman Eorpach

Bunaíodh é i **1995**

Láimhseáladh breis agus **57 000** gearán

Breis agus **7 300** fiosrúchán

Is institiúid **neamhspleách** agus **neamhchlaonta** é an tOmbudsman Eorpach atá ag obair le dea-riarachán AE **a chur chun cinn** le 25 bliain anuas.

Is féidir le daoine aonair, gnólachtaí, comhlachais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha dul i muinín an Ombudsman chun **cabhair** a fháil sa chás go mbíonn **fadhbanna acu le hinstitiúidí AE**.

Fadhbanna agat leis an riarachán AE?

Tá an tOmbudsman Eorpach anseo chun cabhrú leat

 [ombudsman.europa.eu](https://ombudsman.europa.eu)

  @EUombudsman

## Ról agus cumhachtaí



Déanann sé **gearáin** i gcoinne riarachán an AE a **fhiosrú**



Féadfaidh sé fiosrúcháin **féintionscnaimh** a oscailt



Tá an chumhacht aige **iniúchadh a dhéanamh ar dhoiciméid AE** agus státseirbhísigh AE a ghlaoch chun fianaise a thabhairt



**Oibríonn sé le hombudsmáin náisiúnta agus réigiúnacha** trí Líonra Eorpach na nOmbudsmán

## Na príomh-shaincheisteanna a chumhdaítear



**Trédharcacht**, rochtain ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid



Cuntasacht agus **rannpháirtíocht phoiblí** i gcinnteoireacht AE



Fadhbanna le **tairiscintí agus deontais AE**



Urraim do chearta bunúsacha agus do chearta nós imeachta

## Roinnt éachtaí

- ✓ Baineadh amach **caibidlíocht trádála AE níos trédhearcaí**
- ✓ Cuireadh torthaí ó thrialacha clínicíúla ar chógaí a ndéantar meastóireacht orthu san AE ar fáil don phobal
- ✓ Baineadh amach **córas íocaíochta feabhsaithe do ghnólachtaí beaga** a fhaigheann maoiniú ón Aontas Eorpach
- ✓ Tugadh isteach **treoirlínte do státseirbhísigh AE** maidir le hidirghníomhaíocht le brústocairí
- ✓ Cuireadh i bhfeidhm **sásraí éifeachtacha d'iarrthóirí tearmainn** ionas gur féidir leo **gearán a dhéanamh** faoin gcaoi a gcaitear leo i ngníomhaireachtaí ábhartha AE
- ✓ Cuireadh i bhfeidhm an **Cód um Dhea-Iompar Riaracháin** d'institiúidí, do chomhlachtaí agus do ghníomhaireachtaí AE
- ✓ An Gradam Dea-Riaracháin
- ✓ Neartaíodh **rialacha eitice** do Choimisinéirí Eorpacha
- ✓ Rinne institiúidí AE iarrachtaí breise chun cumarsáid a dhéanamh i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla AE